Comhairle Contae County Council

# Foirm Iarratais Pleanála

(Foirm Uimhir 2 de Sceideal 3na Rialachán um Pleanáil agus Forbairt 2001, arna leasú)

## Nótáil na sonraí a leanas roimh a líontar an fhoirm cheangailte amach

**Foirm iarratais pleanála caighdeánach agus an doiciméadúchán a théann léi**

Cinntigh go bhfuil gach rannóg den bhfoirm iarratais comhlánaithe go hiomlán agus sínithe. Ba chóir don iarratasóir n/bh (ní bhaineann) a iontráil nuair atá sé oiriúnach.

Cinntigh go bhfuil an doiciméadúchán riachtanach ar fad ceangailte le d'fhoirm iarratais.

Má theipeann ort an fhoirm seo a chomhlánú nó an doiciméadúchán riachtanach a cheangail, nó faisnéis atá míchruinn a chur faoi bhráid nó faisnéis riachtanach a fhágáil ar lár, beidh d'iarratas dá réir neamhbhailí.

## Faisnéis bhreise

Ba chóir a nótáil go bhfuil plean forbartha dá gcuid féin ag gach údarás pleanála, a leagann amach na beartais agus cuspóirí forbartha go háitiúil laistigh dá limistéar féin. D'fhéadfadh go mbeadh faisnéis bhreise (ie. lasmuigh den bhfaisnéis atá riachtanach ar an bhfoirm), dá réir, riachtanach ar an údarás pleanála chun cinneadh a dhéanamh an gcloíonn an t-iarratas leis an bplean forbartha agus d'fhéadfaí seo a lorg ar fhoirm iarratais breise.

Ni bheidh d'iarratas pleanála neamhbhailí má theipeann ort an fhaisnéis bhreise a sholáthar. Cibé ar bith, mura ndéantar í a sholáthar, b'fhéidir nach mbeadh an túdarás pleanála ábalta teacht ar chinneadh cibé cead a dheonú ar bhunús na faisnéise atá ar fail dóibh. Dá réir sin, má theipeann ort an fhaisnéis seo a sholáthar, d'fhéadfadh seo moill a chur ar chinneadh an iarratais nó diúltú an cheada ar deireadh.

Ba chóir d'iarratasóirí, dá réir sin, teagmháil a dhéanamh leis an údarás pleanála ábhartha chun fáil amach cén beartais agus cuspóirí áitiúla a bhainfeadh leis an bhforbairt bheartaithe agus cibé an bhfuil faisnéis bhreise riachtanach.

## Saoráil faisnéise

Is próiseas oscailte agus poiblí atá sa phróiseas pleanála. Sa chomhthéacs sin, tá gach iarratas pleanála curtha ar fáil le scrúdú go poiblí agus foilsíonn Comhairle Contae Dhún Laoghaire-Ráth an Dúin liostaí seachtainiúla d'iarratais phleanála a aimsíodh chomh maith le liostaí seachtainiúla de chinntí pleanála. D'fhéadfadh an fhaisnéis seo a bheith foilsithe ar láithreán gréasáin na Comhairle chomh maith.

Tugadh le fios dúinn gur féidir le foilsiú na n-iarratas pleanála ag údaráis áitiúla a chiallú go ndíríonn daoine i rannóg an ghnó, a bhaineann le margaíocht dhíreach, ar iarratasóirí. Mar fhreagra ar iarratas ón gCoimisinéir Cosanta Sonraí, tugtar an deis duit tosaíocht a chur in iúl maidir le haimsiú na margaíochta dhírigh ag eascairt ó iarratas pleanála a dhéanamh.

Má thoilíonn tú margaíocht dhíreach a aimsiú cuir tic sa bhosca ☐

Is féidir le margaíocht dhíreach tarlú tríd an bpost, ar an nguthán, de láimh nó trí phost leictreonach cosúil le r-phost nó teachtaireacht téacs, nuair a sholáthraítear na sonraí sin.

Tá sí de fhreagracht ag na haonáin sin gur mian leo sonraí pearsanta ar iarratais phleanála agus liostaí cinntí do chuspóirí na margaíochta dhírigh, a bheith sásta go bhfuil seo déanta go dleathach faoi riachtanais atá sna hAchtanna um Chosaint Sonraí 1988 agus 2003, ag tógáil san áireamh an tosaíocht atá leagtha amach thuas.

## Nótaí don iarratasóir

CAITHFEAR Ailt 1 go 21 den bhfoirm seo a chomhlánú chomh fad agus a bhaineann siad le do thogra áirithe. Beidh d'iarratas rindreáilte neamhbhailí ma theipeann ort seo a dhéanamh.

Déanann Ailt 22 go 25 faisnéis bhreise a lorg go bhféadfaí a bheith riachtanach don Údarás Pleanála chun measúnú a dhéanamh ar an iarratas maidir lena bplean forbartha a leagann amach beartais agus cuspóirí forbartha go háitiúil laistigh dá limistéar féin.

Má theiptear an fhaisnéis bhreise a chur faoi bhráid, mar a bhaineann le hábhar, NÍ bheidh an t-iarratas neamhbhailí. Cibé ar bith, b'fhéidir nach mbeidh an tÚdarás Pleanála ábalta teacht ar chinneadh maidir le deonú an cheada ar bhunús na faisnéise atá ar fáil dóibh.

Dá réir sin, má theiptear aon fhaisnéis bhreise ábhartha a chur faoi bhráid, d'fhéadfaí moill a chur ar an iarratas nó go meádh diúltú i gceist.

Comhairlítear duit teagmháil a dhéanamh leis an oifig seo chun fáil amach cén beartais agus cuspóirí áitiúla a bhainfeadh le do thogra agus an mbeadh faisnéis bhreise riachtanach.

Nótáil forálacha Ailt 34(13) den Acht um Pleanáil agus Forbairt 2000.
"Ní bheidh duine i dteideal faoin alt seo trí dheonú an cheada amháin aon fhorbairt a chomhlíonadh".

D'fhéadfadh toilithe eile a bheith de dhíth ar an iarratasóir, ag brath ar an gcineál forbartha. Mar shampla, caithfidh gach foirgneamh nua, méadú, athrú do, agus athruithe áirithe úsáide na bhfoirgneamh reatha cloí le rialacháin foirgníochta a leagann amach bun-riachtanais dheartha agus thógála.

**Nótáil de réir Ailt 251 den Acht um Pleanáil agus Forbairt 2000:**
Nuair atá tréimhse oiriúnach á ríomh nó teorainn ama ar bith eile a thagraítear di san Acht nó in aon rialacháin eile a déanadh faoin Acht, déanfar neamhaird den Tréimhse idir an 24ú lá de mhí na Nollag agus an 1ú lá de mhí Eanáir, an dá lá ainmnithe san áireamh." (Ní bhaineann le ceisteanna maidir leis an bPlean Forbartha)

## Riachtanais dhoiciméadúcháin an iarratais pleanála

**Ba chóir don bhfoirm seo a bheith in éineacht leis an doiciméadúchán a leanas:**
Nótáil go bhféadfadh d'iarratas a beith neamhbhailí, mura ndéantar an doiciméadúchán oiriúnach a chuimsiú.

1. GACH Iarratas Pleanála:
   - leathanach ábhartha nó cóip nuachtáin a chuimsíonn fógra an iarratais uait.
   - cóip den bhfógra láithreáin. Nóta: Más Fógra Láithreáin Buí atá i gceist, soláthraigh cóip.
   - * sé chóip de léarscáil suímh an láithreáin (féach treoir uimhir 7).
   - * sé chóip de phlean an láithreáin nó den bplean leagain amach (féach treoracha uimhir 7 agus 8).
   - * sé chóip de phleananna agus sonraí eile atá riachtanach chun cur síos a dhéanamh ar na hoibreacha lena mbaineann an fhorbairt (líníochtaí sonraithe de phleananna urláir, arduithe agus rannóga – seachas i gcás an cheada imlínigh).
   - an táille pleanála oiriúnach.

   * féach nóta uimhir 5 ar an gcéad leathanach eile.

2. Nuair nach iad an t-iarratasóir atá mar úinéir dlíthiúil na talún/an struchtúir atá mar ábhar:
   - toiliú scríofa an úinéara chun an t-iarratas a dhéanamh.

3(a). Nuair atá an t-iarratas ar fhorbairt chónaitheach atá faoi réir coda V den Acht 2000:
   - sonrú maidir leis an mbealach atá beartaithe chun cloí le hAlt 96 de chuid V.

   nó
   - deimhniú díolúine ó chuid V.

3(b).Nuair atá an t-iarratas ar fhorbairt chónaitheach nach bhfuil faoi réir coda V d'Acht 2000 trí Alt 96(13) an Achta:
- faisnéis ag leagan amach cén bunús lena meastar Alt 96(13) a bheith bainteach leis an bhforbairt seo. (féach treoir uimhir 3.)

4. Nuair ata diúscairt fhuíolluisce don bhforbairt bheartaithe ag tarlú nach mbaineann leas as séarach poiblí:
   - faisnéis faoin gcóras cóireála ar an láthair atá beartaithe agus fianaise faoi oiriúnacht an láithreáin don chóras atá beartaithe.

5. Nuair a thagraíonn an t-iarratas do struchtúr cosanta/struchtúr cosanta beartaithe/dromchla lasmuigh an struchtúir atá lonnaithe laistigh de limistéar caomhantais ailtireachta (ACA):
   - deich gcóip de ghrianghraif, pleananna agus sonraí eile atá riachtanach chun léiriú conas mar a bheidh éifeacht ag an bhforbairt ar charachtar an struchtúir.

6. Iarratais a thagraíonn d'athrú bunúsach úsáide nó coinneáil an athraithe bunúsaigh úsáide seo:
   - pleananna (a chuimsíonn plean láithreáin nó leagain amach agus líníochtaí de phleananna urláir, arduithe agus rannóga a chloíonn le riachtanais an Ailt 23) agus sonraí atá riachtanach chun cur síos a dhéanamh ar na hoibreacha atá beartaithe.

7. Nuair atá Ráiteas Tionchair Timpeallachta riachtanach leis an iarratas:
   - Ráiteas Tionchair Timpeallachta.

8. Iarratais atá díolmhaithe ó tháillí pleanála:
   - fianaise ar incháilitheacht maidir le díolúine (féach treoir uimhir 9).

**TÁBHACHTACH – Nótáil go bhféadfaí an t-iarratas a fhógairt neamhbhailí, mura ndéantar doiciméadúchán riachtanach an iarratais a chur faoi bhráid leis an iarratas.**

## Treoracha do chomhlanú na foirme iarratais pleanála

1. Baineann cuid V den Acht um Pleanáil agus Forbairt nuair:
   - Atá talamh criosach d'úsáid chónaitheach nó do mheascán cónaitheach agus úsáidí eile;
   - Atá cuspóir sa phlean forbartha don cheantar céatadán talún a bheith ar fáil do thithíocht shóisialta agus/nó inacmhainne; nó
   - Nuair nach bhfuil an fhorbairt bheartaithe díolmhaithe ó Chuid V.

2. Faoi Alt 97 den Acht um Pleanáil agus Forbairt 2000, is féidir le hiarratais a bhaineann le forbairt cheithre theach nó níos lú nó forbairt ar thalamh níos lú ná 0.1 heicteár a bheith díolmhaithe ó Chuid V.

3. Faoi Alt 96(13) den Acht um Pleanáil agus Forbairt 2000, ní bhaineann Cuid V le forbairtí áirithe ag forais tithíochta dheonacha, athchóirithe áirithe, oibreacha comhlíonta ar theach reatha nó forbairt thithe faoi chomhaontú déanta faoi Alt 96 an Achta.

4. Tá Taifead na Séadchomharthaí agus Áiteanna, faoi Alt 12 d'Acht Leasaithe na Séadchomharthaí Náisiúnta 1994, ar fáil, do gach contae, sna húdaráis áitiúla agus i leabharlanna poiblí sa chontae sin. Nótáil má tá an fhorbairt bheartaithe ag dul bhfeidhm ar nó gar do shéadchomhartha náisiúnta atá, faoi Achtanna na Séadchomharthaí Náisiúnta 1930 go 2004, faoi úinéireacht nó chaomhnóireacht an Aire Comhshaoil, Oidhreachta agus Rialtais Áitiúil nó údarás áitiúil nó faoi réir ordú buanchoimeádta nó ordú buanchoimeádta sealadaigh, tá toiliú reachtúil ar leith riachtanach, faoi Achtanna na Séadchomharthaí Náisiúnta, ón Aire Comhshaoil, Oidhreachta agus Rialtais Áitiúil. Chun faisnéis a fháil cibé an bhfuil séadchomharthaí náisiúnta faoi úinéireacht nó chaomhnóireacht an Aire Comhshaoil, Oidhreachta agus Rialtais Áitiúil nó údarás áitiúil nó faoi réir orduithe buanchoimeádta, déan teagmháil le Rannóg na Séadchomharthaí Náisiúnta, An Roinn Comhshaoil, Oidhreachta agus Rialtais Aitiúil (1890 20 20 21).

5. Tá Ráiteas Tionchair Timpeallachta (RTT/EIS) riachtanach do ranganna forbartha atá leagtha síos ag Airteagal 93 agus Sceideal 5 na Rialachán um Pleanáil agus Forbairt 2001-2006. De réir Airteagail 103 na Rialachán um Pleanáil agus Forbairt 2001, d'fhéadfadh RTT a bheith riachtanach d'fhorbairtí lasmuigh den tairseach atá leagtha síos má mheasann an túdarás go mbeidh éifeachtaí suntasacha ag an bhforbairt ar an timpeallacht nó, nuair atá forbairt

lonnaithe ar limistéar, láithreán srl. leagtha amach in Airteagal 103(2), go measann siad go mbeadh éifeachtaí shuntasacha ag an bhforbairt ar thimpeallacht an limistéir, láithreáin sin, srl.considers that the development would be likely to have significant effects on the environment of that area, site, etc.

6. Ní féidir le comhairliúchán foirmeálta réamh-iarratais tarlú ach faoi Alt 247 den Acht um Pleanáil agus Forbairt 2000. Cé nach bhfuil sé éigeantach, moltar comhairliúchán réamhphleanála. Ba chóir don iarratasóir teagmháil a dhéanamh leis an údarás áitiúil chun amanna agus láithreacha áirithe a shocrú. I gcás na forbartha chónaithí lena mbaineann Cuid V den Acht 2000, comhairlítear d'iarratasóirí leas a bhaint as feidhm an chomhairliúcháin réamhphleanála ionas gur féidir comhaontú Cuid V a chinntiú i bprionsabal roimh a chuirtear iarratas pleanála faoi bhráid.

7. Ba chóir go mbeadh gach plean, líníocht agus léarscáil a chuirtear faoi bhráid an údaráis áitiúil ag teacht leis na riachtanais atá leagtha síos sna Rialacháin um Pleanáil agus Forbairt 2001-2006.

8. Ba chóir suíomh an/na fhógra/bhfógraí láithreáin a bheith léirithe ar léarscáil suímh an láithreáin.

9. Féach ar Sceideal 9 na Rialachán um Pleanáil agus Forbairt 2001. Má tá táille laghdaithe tairgthe, ba chóir sonraí maidir le híocaíochtaí ábhartha roimhe seo agus ceadanna pleanála a thabhairt. Má tá éileamh á dhéanamh ar dhíolúine ó íocaíocht na dtáillí faoi Airteagal 157 na Rialachán, caithfear fianaise a chruthaíonn incháilitheacht ar dhíolúine a chur faoi bhráid.

## Nóta tábhachtach maidir le léirmhíniú na dtáillí

1. Ciallaíonn "soláthar tí", foirgneamh nó struchtúr eile:
   (a) comhlíonadh oibreacha
   (b) athrú bunúsach úsáide a dhéanamh ar struchtúr, nó
   (c) coinneáil na forbartha neamhúdaraithe.

2. (a) Faoi réir alt (b), ag tagairtí 6, 7, 11 agus 12 i gcolún 1 ar Scála na dTáillí, cuimseoidh "úsáid na talún" coinneáil úsáide na talún neamhúdaraithe, agus comhlíonadh oibreacha, nó coinneáil na struchtúr, ar, i nó faoin t(h)alamh a ghabhann leis an úsáid.

   (b) Ag tagairt 11 i gcolún 1 ar Scála na dTáillí, cuimseoidh "úsáid na talún" comhlíonadh oibreacha chun clubtheach nó saoráidí ábhartha do dhaoine atá ag úsáid galfchúrsa nó cúrsa galf dhá mhaide, nó coinneáil struchtúr ar bith mar seo.

**Uastáillí agus Íostáillí d'Iarratais Phleanála**

1. €28,500 a bheidh mar uastáille iníoctha leis an údarás pleanála ag iarratasóir maidir le hiarratas Imlíneach.

2. €9,500 ie. táille laghdaithe a bheidh mar uastáille iníoctha leis an údarás pleanála ag iarratasóir maidir le hiarratas lena mbaineann Airteagal 161.

3. An uastáille a bheidh iníoctha leis an údarás pleanála ag iarratasóir maidir le hiarratas ar chead coinneála d'fhorbairt neamhúdaraithe ná €125,000.

4. An uastáille atá iníoctha leis an údarás pleanála ag iarratasóir maidir le hiarratas pleanála ar bith nach luaitear in alt 1, 2 nó 3 ná €38,000.

5. An íostáille ata iníoctha leis an údarás pleanála ag iarratasóir maidir le hiarratas pleanála ná €34 agus, i gcás ar bith nuair a dhéanann an túdarás pleanála aisíoc maidir le hiarratas pleanála, ní bheidh an aisíoc déanta ag figiúr níos lú ná €34.

6. Beidh an táille iníoctha leis an údarás pleanála ag iarratasóir maidir le hiarratas ar Chead Pleanála Imlínigh cothrom le trí cheathrú na méide a chuirtear in iúl sa rang ábhartha forbartha.

| Rang Forbartha | Méid an Táille | Méid an Táille do Chead Coinneála |
|---|---|---|
| 1. Soláthar tí | €65 | €195 nó €2.50 go gach méadar cearnach de spás comhláin urláir ar bhfuil cead á lorg, cibé is mó. |
| 2. (a) Aon oibreacha atá comhlíonta ar chothabháil, feabhsúchán nó athruithe eile don teach reatha (ag cuimsiú oibreacha ar bith chun méadú a sholáthar nó athchóiriú úsáide mar chuid den teach de gharáiste, stór, seid nó struchtúr eile).<br>(b) Aon oibreacha eile, a chuimsíonn tógálacha nó athrú struchtúir, laistigh nó taobh le cúirtealáiste an tí reatha, chun críocha a ghabhann le téachtadh an tí dá réir. | €34<br><br><br><br><br><br><br><br>€34 | €102 nó €2.50 do gach méadar cearnach de spás comhláin urláir ar a bhfuil cead á lorg, cibé is mó.<br><br><br><br><br><br>€102 nó €2.50 do gach méadar cearnach de spás comhláin urláir ar bhfuil cead á lorg, cibé is mó. |
| 3. Soláthar na bhfoirgneamh nó struchtúir eile do chuspóirí talmhaíochta nó chun cúnna a choinneáil. | (i) i gcás na bhfoirgneamh, €80 do gach foirgneamh, nó €1 do gach méadar cearnach de spás comhláin urláir atá le soláthar atá níos mó ná 50 méadar cearnach i gcás foirgnimh chun cúnna a choinneáil nó 200 méadar cearnach i ngach cás eile, cibé is mó,<br>(ii) i gcás aon struchtúir eile, €80 go gach struchtúr, agus a bheidh faoi réir uasmhéid de €300. | (i) i gcás na bhfoirgneamh, €240 do gach foirgneamh, nó €3 do gach méadar cearnach de spás comhláin urláir atá le soláthar atá níos mó ná 50 méadar cearnach i gcás foirgnimh chun cúnna a choinneáil nó 200 méadar i ngach cás eile, cibé is mó,<br>(ii) i gcás aon struchtúr eile, €240 do gach struchtúr, a bheidh faoi réir uasmhéid de €900. |
| 4. Soláthar na bhfoirgneamh lasmuigh d'fhoirgnimh a thagann laistigh de rang 1,2 nó 3. | €80 do gach foirgneamh, nó €3.60 do gach méadar cearnach de spás comhláin urláir atá le soláthar, cibé is mó. | €240 do gach foirgneamh, nó €10.80 do gach méadar cearnach de spás comhláin urláir ata le soláthar, cibé is mó. |
| 5. (a) úsáid na talún neamhshaothraithe nó limistéir leath-nádúrtha do chuspóirí dian-thalmhaíochta<br>(b) foraoisiú tosaigh<br><br>(c) foraoiseacha arda leathanduilleacha á athsholáthar le speiceas buaircíneach<br>(d) baint móna | €5 do gach heicteár d'achar an láithreáin.<br><br><br>€5 do gach heicteár d'achar an láithreáin.<br>€80 nó €5 do gach heicteár d'achar an láithreáin, cibé is mó.<br>€5 do gach heicteár d'achar an láithreáin. | €15 do gach heicteár d'achar an láithreáin.<br><br><br>€15 do gach heicteár d'achar an láithreáin.<br>€240, nó €15 do gach heicteár d'achar an láithreáin, cibé is mó.<br>€15 do gach heicteár d'achar an láithreáin. |
| 6. Úsáid na talún do:<br>(a) rochtain a fháil ar mhianraí agus oibriú leo<br>(b) sil-leagan bruscair nó dramhaíola | €500 nó €50 do gach 0.1 heicteár d'achar an láithreáin, cibé is mó. | €1500 nó €150 do gach 0.1 heicteár d'achar an láithreáin, cibé is mó. |

| Rang Forbartha | Méid an Táille | Méid an Táille do Chead Coinneála |
|---|---|---|
| 7. Úsáid na talún do – (a) chun pubaill ar bith a choinneáil, veaineanna campála, carbháin agus struchtúir (cibé an bhfuil siad soghluaiste nó infhillte) do cuspóir na carbhánaíochta nó na campála nó díol earraí. (b) Ionad pháirceála d'fheithiclí. (c) Stóráil oscailte feithiclí nó nithe eile. | €80 nó €50 do gach 0.1 heicteár d'achar an láithreáin, cibé is mó. | €240 nó €150 do gach 0.1 heicteár d'achar an láithreáin, cibé is mó. |
| 8. Soláthar ar, os cionn nó faoi thalamh de ghléasra nó meaisínre, nó umair nó struchtúir eile (seachas foirgnimh) do chuspóirí stórála. | €200 nó €50 do gach 0.1 heicteár d'achar an láithreáin, cibé is mó. | €600 nó €150 do gach 0.1 heicteár d'achar an láithreáin, cibé is mó. |
| 9. Struchtúr fógraíochta a sholáthar nó struchtúr reatha a úsáid nó talamh eile do léiriú na bhfógraí. | €80 nó €20 do gach méadar cearnach, nó cuid dó, de spás fógraíochta atá le soláthar, cibé is mó. | €240 nó €60 do gach méadar cearnach, nó cuid dó, de spás fógraíochta atá le soláthar, cibé is mó. |
| 10. Línte seachadta nó tarchurtha lastuas do sheoladh leictreachais a sholáthar, nó línte teileachumarsáide lastuas. | €80 nó €50 do gach fad 1,000 méadar, nó cuid dó, cibé is mó. | €240 nó €150 do gach fad 1,000 méadar, nó cuid dó, cibé is mó. |
| 11. Úsáid na talún mar ghalfchúrsa nó cúrsa galf dhá mhaide – gan clubtheach san áireamh. | €50 do gach heicteár d'achar an láithreáin. | €150 do gach heicteár d'achar an láithreáin. |
| 12. Úsáid na talún mar reilig. | €200 nó €50 do gach heicteár d'achar an láithreáin, cibé is mó. | €600 nó €150 do gach heicteár d'achar an láithreáin, cibé is mó. |
| 13. Forbairt nach dtagann leis na ranganna thuasluaite. | €80 nó €10 do gach 0.1 heicteár d'achar an láithreáin, cibé is mó. | €240 nó €30 do gach 0.1 heicteár d'achar an láithreáin, cibé is mó. |

Comhairle Contae County Council

# Foirm Iarratais Pleanála

| Dáta aimsithe | Tagairt chláraithe |
|---|---|

Léigh na treoracha agus riachtanais doiciméadúcháin ag cúl na foirme roimh a dhéantar í a chomhlíonadh. Caithfear gach ceist a bhaineann leis an togra ar a bhfuil iarratas déanta a fhreagairt. Ceisteanna neamhábhartha: Marcáil n/bh más é do thoil é.

**1 Iarratas** (cuir X sa bhosca oiriúnach)

- [ ] Cead
- [ ] *Cead imlíneach
- [ ] *Cead de dhroim cead imlíneach a bheith deonaithe
- [ ] Cead ar choinneáil

Nuair atá cead pleanála de dhroim Cead Imlíneach a bheith deonaithe, déan uimhir thagartha an cheada a shonrú

Dáta deonaithe an cheada imlínigh

*NÓTA: Níor chóir cead de dhroim cead imlíneach a bheith deonaithe a lorg, ach nuair a bhí cead imlíneach deonaithe cheana féin. Faoi Alt 36 3(a) den Acht um Pleanáil agus Forbairt 2000, maireann cead imlíneach ar feadh 3 bliana.

Ní féidir cead imlíneach a lorg do:
(a) do choinneáil na struchtúr nó leanúint úsáide, nó
(b) forbairtí ina bhfuil Ráiteas Tionchar Timpeallachta/I.P.C./Ceadúnas Dramhaíola riachtanach nó
(c) oibreacha ar struchtúir cosanta nó struchtúir cosanta atá beartaithe

**2 Láithreán na forbartha atá beartaithe**

(a) Seoladh poist nó baile fearainn nó an láithreáin (a chuirfeadh an talamh/struchtúr atá mar ábhar in iúl)

(b) uimhir thagartha léarscáile na suirbhéireachta ordanáis agus tagairt eangaí nuair atá sí ar fáil (tagairt eangaí i dtéarmaí thrasteilgin mercator na héireann)

**3 Ainm an iarratasóra** (duine/aonán atá ag lorg ceada pleanála, ní gníomhaire atá ag feidhmiú ar a s(h)on)

**4 Nuair is comhlacht iad an t-iarratasóir cláraithe faoi Achtanna na gCuideachtaí 1963-1999, sonraigh an méid seo a leanas más é do thoil é**

Ainm(neacha) stiúrthóra/stiúrthóirí an chomhlachta

Seoladh cláraithe an chomhlachta

**5 Duine/Gníomhaire atá ag feidhmiú ar son an iarratasóra** (más ann dó/di)

Ainm

**6 Duine atá freagrach d'ullmhúchán na Líníochtaí agus Pleananna.** (Nuair atá Pleananna tarraingthe aníos ag gnólacht/comhlacht, ba chóir ainm an duine atá freagrach go príomha d'ullmhú na líníochtaí agus pleananna ar son an ghnólachta/chomhlachta a thabhairt.)

Ainm

Gnólacht/Comhlacht

**7 Suim dhlíthiúil an iarratasóra sa talamh agus/nó struchtúr**

☐ (a) Úinéir ☐ (b) Áititheoir ☐ *(c) Eile

Cuir tic sa bhosca oiriúnach chun suim dhlíthiúil an iarratasóra sa talamh nó struchtúr a chur in iúl.

* Nuair a shonraítear an tsuim dhlíthiúil mar eile, iarrtar ar an iarratasóir leathnú ar an suim seo sa talamh agus/nó struchtúr níos faide.

Murar tú an úinéir dlíthiúil, sonraigh ainm agus seoladh an úinéara agus soláthraigh litir thoilithe ón úinéir chun iarratas ar chead pleanála a dhéanamh mar atá liostáilte sa doiciméadúchán atá i dteannta leis.

**8 Cur síos ar an bhforbairt atá beartaithe**

(Cur síos gearr ar nádúr agus méid na forbartha, a cuimsiú tagairt do líon, airde agus úsáidí na bhfoirgneamh, na struchtúr cosanta, srl). Ba chóir go gcomhfhreagróidís seo leis na focail sa bhfógra nuachtáin agus fógra láithreáin.

**9 Achar an iáithreáin**

Achar an iáithreáin lena mbaineann an t-iarratas i heicteáir ______ ha.

**10 Nuair a bhaineann an t-iarratas le foirgneamh nó foirgnimh**

| | Achar comhláin urláir i sqm |
|---|---|
| (a) Achar comhláin urláir d'fhoirgneamh/d'fhoirgnimh atá ann cheana féin | |
| (b) Achar comhláin urláir d'oibreacha atá beartaithe | |
| (c) Achar comhláin urláir d'obair atá le coinneáil (má bhaineann le hábhar) | |
| (d) Achar comhláin urláir de scartáil ar bith (má bhaineann le hábhar) | |

Nóta: Ciallaíonn achar comhlán urláir an t-achar a dheimhnítear trí thomhas inmheánach achair an urláir ar gach urlár den bhfoirgneamh ie. caithfear achair urláir a thomhas laistigh den mballa seachtrach.

**11 I gcás forbartha mheasctha (eg. cónaitheach, tráchtáil, tionsclaíocht, srl.), soláthraigh miondealú ar ranganna difriúla na forbartha agus ar achar comhláin urláir i gcás gach rang forbartha**

| Rang forbartha | Achar comhláin urláir i sqm |
|---|---|
| (a) Achar comhláin urláir an ranga forbartha chónaithí | |
| (b) Achar comhláin an ranga forbartha thionsclaíoch/thráchtála | |
| (c) Achar comhláin urláir an ranga forbartha a bhaineann le scartáil thionsclaíoch/thráchtála | |
| (d) Achar comhláin urláir an ranga forbartha a bhaineann le scartáil chónaitheach | |
| (e) Eile | |

**12 I gcás na forbartha chónaithí, soláthraigh miondealú maidir leis an meascán cónaitheach**

| Líon tithe | Stiúideo | 1 Leaba | 2 Leaba | 3 Leaba | 4 Leaba | 4+ Leaba iomlán | Total |
|---|---|---|---|---|---|---|---|
| | | | | | | | |
| | | | | | | | |
| | | | | | | | |
| Árasáin | | | | | | | |

Líon spásanna páirceála le bheith soláthraithe Reatha ☐ Beartaithe ☐ Iomlán ☐

**13 Nuair a thagraíonn an t-iarratas d'athrú úsáide atá bunúsach do thalamh agus/nó struchtúr ar bith nó coinneáil an athruithe úsáide bhunúsaigh seo:**

**Úsáid reatha** (nó úsáid roimhe seo nuair atá cead coinneála á lorg). Nóta: Nuair atá an úsáid reatha "folamh" sonraigh úsáid údaraithe is déanaí na talún nó struchtúr

**Úsáid bheartaithe** (nó úsáid atá beartaithe le coinneáil)

**Nádúr agus méid na húsáide bheartaithe seo** (nó úsáid atá beartaithe le coinneáil)

**14 Tithíocht Shóisialta Inacmhainne** (cuir tic sa bhosca oiriúnach) Tá Níl

An iarratas ar chead forbartha atá san iarratas mar a bhaineann le Cuid V arna leasú den Acht um Pleanáil agus Forbairt 2000? (féach treoir uimhir 1) ☐ ☐

Más tá atá mar fhreagra ar an gceist thuas agus nach bhfuil an fhorbairt díolmhaithe (féach thíos), caithfidh tú a shonrú, mar chuid de d'iarratas, an bealach atá beartaithe agat cloí le hAlt 96 de Chuid V an Achta. Cuir na moltaí seo faoi bhráid ar bhileog ar leith.

Más tá atá mar fhreagra ar an gceist thuas, ach go measann tú go bhfuil an fhorbairt díolmhaithe trí Alt 97 an Achta um Pleanáil agus Forbairt 2000, caithfear cóip a sholáthar de Dheimhniú Díolúine (nó, nuair atá iarratas ar Dheimhniú Díolúine déanta, ach nach bhfuil cinneadh tugtha fós, ba chóir cóip den iarratas a chur faoi bhráid). (féach treoir uimhir 2).

Más níl atá mar fhreagra ar an gceist thuas trí Alt 96(13) an Achta um Pleanáil agus Forbairt 2000, ba chóir sonraí maidir leis an mbunús lena mbaineann Alt 96 (13) leis an bhforbairt a chur faoi bhráid. (féach treoir uimhir 3).

NB Caithfear an rannóg seo a chomhlánú do gach togra a bhaineann le soláthar aonad teaghais amháin nó níos mó ar thailte criosacha cónaithí.

**15 Sonraí forbartha** (cuir tic sa bhosca oiriúnach)

| | Tá | Níl |
|---|---|---|
| (1) An gcuimsíonn an fhorbairt bheartaithe de struchtúr cosanta agus/nó a chúirtealáiste nó struchtúr cosanta beartaithe agus/nó a chúirtealáiste? | | |
| Nóta: Más Tá atá mar fhreagra, caithfidh an fógra Nuachtáin agus an fógra láithreáin an méid seo a thabhairt le fios. | | |
| (2) An gcuimsíonn an fhorbairt bheartaithe d'obair ar dhromchla seachtrach an struchtúir laistigh de limistéar caomhantais ailtireachta (ACA)? | | |
| Nóta: Más TÁ atá mar fhreagra ar cheachtar de 15(1) nó 15(2), caithfear 10 sraith delíníochtaí/phleananna/ghrianghraif a chur faoi bhráid leis an iarratas pleanála. | | |
| (3) An mbaineann an t-iarratas le forbairt a théann i bhfeidhm ar nó atá gar do shéadchomhartha nó áit a taifeadta faoi Alt 12 d'Acht na Séadchomharthaí Náisiúnta (Leasú), 1994 (féach treoir uimhir 4) | | |
| (4) An mbaineann an t-iarratas le hobair laistigh nó gar do Láithreán Eorpach (faoi S.I. Uimhir 94 1997) nó Limistéar Oidhreachta Nádúrtha? | | |
| (5) An bhfuil Ráiteas Tionchair Timpeallachta riachtanach sa bhforbairt bheartaithe? (féach treoir uimhir 5) | | |
| (6) An mbaineann an t-iarratas le forbairt a chuimsíonn nó a bhfuil de chuspóirí gníomhaíochta aici a éilíonn rialú comhtháite ar thruailliú nó ceadúnas rialaithe? | | |
| (7) An mbaineann an t-iarratas le forbairt a chuimsíonn nó a bhfuil de chuspóirí gníomhaíochta aici a éilíonn ceadúnas dramhaíola? | | |
| (8) An mbaineann na rialacháin um ghuaiseacha mórthionóiscí leis an bhforbairt bheartaithe? | | |
| (9) An mbaineann an t-iarratas le forbairt sa Chrios Forbartha Straitéisí? | | |
| (10) An mbaineann an fhorbairt bheartaithe le scartáil theach ináitrithe ar bith? | | |

Nóta: Tá Cead Pleanála riachtanach do Scartáil Theach Ináitrithe.
Nóta: Is foirgneamh nó cuid d'fhoirgneamh é "Teach Ináitrithe" atá:
(a) úsáidte mar theaghas, nó
(b) nach bhfuil úsáidte, ach nuair a úsáideadh go deireanach é, gan úsáid neamhúdaraithe san áireamh, mar theaghas agus nach bhfuil dearóil, nó
(c) soláthraithe le húsáid mar theaghas, ach nach bhfuil áitithe.

**Stair an iáithreáin** (cuir tic sa bhosca oiriúnach)

**16 Sonraí maidir le stair an láithreáin** (más fios)

| | Tá | Níl |
|---|---|---|
| 1. An raibh an láithreán, chomh fada agus is eol duit, riamh faoi uisce? | | |

Más tá atá mar fhreagra, tabhair sonraí eg. bliain, méid

| |
|---|
| |

| | | |
|---|---|---|
| An bhfuil tú feasach ar úsáidí an láithreáin roimhe seo eg. ionad dramhaíola nó cairéil? | | |

Más tá atá i gceist, tabhair sonraí

| |
|---|
| |

**16** (cont.) Tá Níl

2. An bhfuil tú feasach ar iarratais phleanála bailí ar bith a déanadh roimhe seo maidir leis an talamh/struchtúr seo? ☐ ☐

Más tá atá i gceist, sonraigh an/na uimhir/huimhreacha t (h) agartha pleanála agus an/na dáta (í) a aimsigh an t-údarás pleanála an/na t-iarratas/hiarratais pleanála más fios

Uimhir thagartha ______ Dáta ______

Nóta: Má tá iarratas pleanála bhailí déanta maidir leis an talamh nó struchtúr sa sé mhí roimh a chuirtear an t-iarratas faoi bhráid, caithfidh cúlra buí a bheith ar an bhfógra láithreáin de réir Airteagail 19 (4) na Rialachán um Pleanáil agus Forbairt 2001 mar a leasaíodh. Is iarratas bailí atá in iarratas a aistarraingítear ina dhiaidh sin.

3. An bhfuil an láithreán reatha faoi réir achomhairc reatha chuig An Bord Pleanála maidir leis an bhforbairt chéanna nó forbairt leis an gcur síos céanna? ☐ ☐
Nóta: caithfear cinneadh nó aistarraingt a bheith déanta maidir leis an Achomharc roimh gur féidir iarratas mar an gcéanna a dhéanamh).

Uimhir thagartha An Bord Pleanála ______

**17 Comhairliúchán réamh-iarratais** Tá Níl

An bhfuil comhairliúchán réamh-iarratais tarlaithe maidir leis an bhforbairt bheartaithe? (féach treoir uimhir 6) ☐ ☐

Más tá atá mar fhreagra, tabhair sonraí

______

Uimhir thagartha ______

**18 Seirbhísí**

1. Foinse bheartaithe an tsoláthair uisce

☐ Nasc reatha ☐ Nasc nua ☐ Príomhlíonra poiblí

☐ Grúpscéim uisce ☐ Tobar príobháideach ☐ Eile (sonraigh)

Ainm na grúpscéime uisce (nuair a bhaineann le hábhar) ______

2. Bainistíocht an fhuíolluisce/na cóireála bheartaithe

☐ Reatha ☐ Nua ☐ Séarach poiblí

☐ Córas cóireála eile ar an láthair ☐ Eile (sonraigh)

______

3. Diúscairt Bheartaithe an Uisce Dromchla

☐ Séarach Poiblí/Draein ☐ Poll maothaithe ☐ Sruthchúrs

☐ Eile (sonraigh) ______

**19 Sonraí an fhógra poiblí**

☐ Bán ☐ Buí

*Nuachtán faofa inar foilsíodh an fógra ______

Dáta foilsithe ______ Dáta a cuireadh an fógra láithreáin suas ______

* Nóta: Tá an liosta de nuachtáin fhaofa maidir leis an bhfógra rúin a thabhairt d'iarratas pleanála, ar fáil ón gComhairle. Tagair chomh maith do threoracha maidir le comhlánú an fhógra láithreáin

**20 Táille an iarratais**

Táille iníoctha ______ Bunús an ríomha ______

Nóta: Féach nótaí ar tháillí atá ceangailte leis an bhfoirm seo.

**21** Dearbhaím, chomh fada agus a chreidim agus is eol dom, go bhfuil an fhaisnéis tugtha sa bhfoirm seo ceart agus cruinn agus ag comhlíonadh go hiomlán leis an Acht um Pleanáil agus Forbairt 2000, mar a leasaíodh, agus na rialacháin a déanadh dá réir

| Sínithe (iarratasóir nó gníomhaire mar a bhaineann le hábhar) | Dáta |
|---|---|
| | |

## Faisnéis bhreise (Ailt 22, 23, 24, 25)

**22 Ranníocaíochtaí forbartha**

Rinne Comhairle Contae Dhún Laoghaire-Ráth an Dúin scéim ranníocaíochta forbartha a ghlacadh faoi Alt 48 den Acht um Pleanáil agus Forbairt 2000 ar an 21ú Eanáir, 2004.

Le héifeacht ón 22ú Eanáir, 2004, beidh an chéad 40 méadar cearnach de mhéadú tí, a chuimsíonn árasáin teaghlaigh, díolmhaithe ón scéim ranníocaíochta. Tá gach méadú tí, agus árasáin teaghlaigh níos mó ná 40 méadar cearnach san áireamh, faoi réir ranníocaíochta faoin scéim seo. Mar shampla:
Méadú Tí = 50 méadar cearnach.
Achar níos mó ná 40 méadar cearnach = 10 méadar cearnach. Achar faoi réir na ranníocaíochta = 10 méadar cearnach.
Deimhnigh

* Achar comhláin urláir an mhéadaithe tí beartaithe atá mar ábhar ag an iarratas seo

Síniú

* Achar comhláin urláir : achar iomlán urláir ar gach urlár tomhaiste laistigh de na ballaí seachtracha

**23 (1) Acht 49, Acht um Pleanáil agus Forbairt, 2000** (comhlánaigh má bhaineann le hábhar).
**Scéim Ranníocaíochta Forbartha Bhreise (Líne LUAS B1).** (Ni bhaineann an scéim seo le méaduithe tí nó árasáin teaghlaigh).

| | |
|---|---|
| Achar an iáithreáin | heicteáir |
| Achar na forbartha chónaithí | heicteáir |
| Achar na gcodanna tráchtála | heicteáir |

Nóta: Má tá éiginnteacht maidir le láithreáin an iarratais a bheith ag teacht faoi Alt 49 na scéime, déan teagmháil lenár n-oifig pleanála chun dearbhú a fháil.

**23 (2) Alt 49, An tAcht um Pleanáil agus Forbairt, 2000 (líon isteach más cuí).**
**Scéim Ranníocaí Forbartha Fhorlíontach (Ceantar Ghleann na Muc, Bóthar Dáileacháin agus Linnte Tanúcháin Uisce Dromchla).**

Níl feidhm ag an scéim seo maidir le:

(a) Fad a ligean le tithe teaghlaigh nó le hárasáin teaghlaigh

(b) Forbairt dhíolmhaithe ar bith eile faoi mar a thugtar breac-chuntas uirthi sa Scéim. Tá liosta iomlán na ndíolúintí ar fáil ar ár suíomh gréasáin www.dlrcoco.ie.

(c) Forbairtí cónaithe aonair i gcás gur de bhunadh na háite an t-iarratasóir. Ní foláir foirm faoi leith maidir le dearbhú reachtúil a líonadh isteach sa chás seo.

| | *Is ea* | *Ní hea* |
|---|---|---|
| *An de bhunadh na háite an moltóir?* | | |

*Más "Is ea" an freagra cuir isteach an fhoirm maidir le dearbhú reachtúil leis an bhfoirm iarratais ar féidir cóip di a fháil ar shuíomh gréasáin na Comhairle www.dlrcoco.ie, nó in Oifig Pleanála na Comhairle, Halla an Chontae, Bóthar na Mara, Dún Laoghaire nó in oifig Dhún Droma (ar chúl Bhanc na hÉireann, An Phríomhshráid, Dún Droma).*

*Líon na n-aonad cónaithe:* ______

*Achar faoi aonaid tráchtála* ______ *m2.*

*Achar faoi aonaid mhiondíol* ______ *m2.*

*Tabhair faoi deara: Mura mbítear cinnte cibé an bhfuil láthair an iarratais taobh istigh den dobharcheantar a thagann faoi Alt 49 den scéim ní foláir é sin a sheiceáil leis an Oifig Pleanála.*

**24 Tá sé beartaithe go mbeidh an Fhorbairt** (cuir tic sa bhosca oiriúnach)

| | Tá | Níl |
|---|---|---|
| (a) faoi cheannas na comhairle contae | | |
| (b) á chothabháil ag comhlacht bainistíochta eastáit | | |
| (c) á chothabháil agus tógtha faoi chúram de chuid ag comhlacht bainistíochta eastáit | | |

Déan líníocht den Leagan Amach a chur faoi bhráid a léiríonn go soiléir na seirbhísí ar fad laistigh den eastát (bóithre, cosáin, spásanna páirceála do chairr, séaraigh fuíolluisce, príomhlíonra uisce agus spásanna oscailte poiblí) gur mian leis an iarratasóir a bheith faoi chúram an údaráis áitiúil.

| | Tá | Níl |
|---|---|---|
| **25 An mbaineann aon Fhógraí Reachtúla leis an láithreán/bhfoirgneamh i láthair na huaire?** (eg. forfheidhmiú, foirgnimh contúirteacha , foirgnimh atá dearóil, rialú tógála, sábháilteacht dóiteáin srl.) (cuir tic sa bhosca oiriúnach) | | |

Má tá atá mar fhreagra, tabhair sonraí

______

**26** Tá gá le moltaí mionsonraithe maidir le huisce salach agus uisce dromchla araon a dhiúscairt ar leithligh chuig na séaraigh phoiblí, nó chuig áiteanna eile. Níor chóir aon uisce dromchla a thaispeáint ag dul isteach sa chóras draenála salach.

Tabhair na sonraí le do thoil

..

______

## Faisnéis theagmhála bhreise nach bhfuil le cur ar fáil leis an iarratas

**Nótáil:**

- Caithfear seoladh an iarratasóra a shonrú ar an leathanach seo.
- Más mian leis an iarratasóir/ngníomhaire faisnéis theagmhála bhreise a chur faoi bhráid, d'fhéadfaí na sonra a chuimsiú anseo.
- Ní fhoilseofar an leathanach seo mar chuid den chomhad pleanála.

**27 Iarratasóir**

Seoladh (riachtanach)

Uimh. theil. | Uimh. facs | Ríomhphost

**28 Duine/Gníomhaire atá ag feidhmiú ar son an iarratasóra (má bhaineann le hábhar)** Seoladh (riachtanach)

Uimh. theil. | Uimh. facs | Ríomhphost

Ar cheart gach comhfhreagras a sheoladh chuig an seoladh thuas? (cuir tic sa bhosca oiriúnach) Tá ☐ Níl ☐

(Nótáil más "Níl" atá mar fhreagra, go seolfar gach comhfhreagras go seoladh an Iarratasóra).

**29 Duine atá freagrach d'ullmhúchán na líníochtaí agus pleananna** Seoladh (riachtanach)

Uimh. theil. | Uimh. facs | Ríomhphost

**30 Úinéir** (riachtanach nuair nach é/í an t-iarratasóir atá mar úinéir) Seoladh (riachtanach)

Uimh. theil. | Uimh. facs | Ríomhphost